

## **Scéim Teanga Aontas na Mac Léinn in Éirinn 2020**

### ***Union of Students in Ireland Irish Language Scheme 2020***

#### **Meáin Chumarsáide agus Poiblíocht**

- Tá sé mar dhualgas ag Leas-Uachtarán don Ghaeilge (LU don Ghaeilge) aon iarratas ó na meáin Ghaeilge a ghlacadh ar son Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ)
- San áit nach féidir leis an Leas-Uachtarán labhairt leis na meáin, roghnófar ionadaí ó Choiste Gnó AMLÉ nó cheann de na hAontais áitiúla le labhairt leis na meáin Ghaeilge.
- Déanfaidh an Leas-Uachtarán don Ghaeilge agus an Oifigeach Polasaí leasmhar cruinniú faisnéise leis an ionadaí sula labhraíonn siad leis na meáin.
- Cuirfear preasráitis trí Ghaeilge chuig na meáin Ghaeilge maidir le himeachtaí nó feachtais Ghaeilge an aontais más féidir.

#### ***Media and Publications***

- *It is the responsibility of the Leas-Uachtarán don Ghaeilge (LU don Ghaeilge) to deal with any request from Irish language media on behalf of the Union of Students in Ireland (USI).*
- *Where the LU don Ghaeilge is not able to fulfil media requests, a representative will be chosen either from the USI Executive Team or from a Member Organisation (MO) to speak to Irish language media.*
- *The LU don Ghaeilge or a relevant member of the Executive Team will conduct a briefing with the chosen representative before they speak to the media.*
- *Where possible, Irish language press releases will be sent to Irish language media in regards to campaigns or events run by USI.*

#### **Feachtais an Aontais**

- Ba cheart d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn ar a laghad, an príomh-theideal de gach feachtas a aistriú go Gaeilge, agus ba cheart an dá theanga (Béarla agus Gaeilge) a chur ar phostaeir an fheachtais, ar ábhar an fheachtais, agus ar éadaí nó éarraí eile an fheachtais ar aon mhéid lena chéile.
- Ba cheart an Ghaeilge agus an Béarla a bheith ar aon mhéid lena chéile in aon lógó nua a chruthaítear le haghaidh feachtas de chuid AMLÉ.
- Ba cheart go mbeadh 20% d'éarraí a chruthaítear le haghaidh fheachtais AMLÉ a bheith ar fáil i nGaeilge amháin do gach balleagraíocht.

- Ba cheart don Choiste Gnó iarracht a dhéanamh ócáid Gaeilge nó aoichainteoir le Gaeilge a tharraingt isteach in aon imeacht nó feachtas de chuid AMLÉ.
- Ba cheart d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn, trí obair an Leas-Uachtarán don Ghaeilge, ar a laghad feachtas Gaeilge amháin a chur ar siúl Ó Thuaidh (i bpáirt le NUS-USI), agus i gCeantar Gaeltachta, ionas gur féidir leis an Leas-Uachtarán don Ghaeilge freastal ar phobail theanga éagsúla.

### **USI Campaigns**

- *USI should, at least, translate the main title of every campaign to Irish, and both languages (English and Irish) should appear on campaign posters, campaign materials, and on campaign clothes and other items in equal size.*
- *Irish and English should appear in equal size on any logo created for a USI campaign.*
- *20% of all materials made for USI campaigns should be available solely in Irish to each MO.*
- *The Executive Team should endeavour to include one Irish language event or one Irish language guest speaker as part of any USI campaign or event.*
- *USI should, through the work of the Leas-Uachtarán don Ghaeilge, run at least one Irish Language campaign in the North of Ireland (working with NUS-USI) and in a Gaeltacht area, so that the Leas-Uachtarán don Ghaeilge can attend to differing language communities.*

### **Cúrsaí Aistriúcháin**

- Déanfaidh an LU don Ghaeilge aon chinneadh a bhaineann le cúrsaí aistriúcháin san Aontas. Cuirfeadh an LU don Ghaeilge ar an eolas faoin obair aistriúcháin a bhaineann le himeachtaí nó feachtais AMLÉ ar a laghad 3 lá roimhré más féidir.
- San áit nach bhfuil an cumas teanga nó an mhúinín ag an LU don Ghaeilge tabhairt faoi obair aistriúcháin ar chaighdeán sásúil ar son na heagraíochtaí, fostóidh an Aontas na Mac Léinn in Éirinn aistritheoir seactrach leis an obair seo a dhéanamh.

### **Translation**

- *The LU don Ghaeilge must be consulted on any translation work that may be carried out within USI. Where possible, a minimum of 3 days notice should be given for translation work which may need to be done as part of USI campaigns or events.*
- *Where the LU don Ghaeilge does not have the language ability or confidence to carry out translations, the Union will hire an external translator to complete this work.*

## **Úsáid na Gaeilge san Aontas**

- Beidh leagan ceart de theideal na nOifigeach ar fáil trí Ghaeilge agus curtha leis na teidil Bhéarla ar aon mhéid lena chéile aon áit a mbíonn siad le feiceáil ar nós i ríomphoist, ar líne, ar phostaeir, ar litreacha srl.
- Ba cheart go ndéanfaidh Coiste Gnó AMLÉ iarracht úsáid a bhaint as an nGaeilge ag beannú nó ag críochnú ríomhphoist, nó ag tosnú agus ag críochnú oráide. Cabhróidh an LU don Ghaeilge leo an méid seo a dhéanamh.
- Beidh duais bhliainiúil ar fáil ag Comhdháil AMLÉ chun úsáid na Gaeilge agus iarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn a aithint i measc na mballeagraíochtaí. Bronnfar an duais seo ar an toscaire nó toscaireacht a bhaineann úsáid as an Ghaeilge go rialta le linn na Comhdhála. Socróidh an LU don Ghaeilge ar an toiscaire nó toiscearacht.
- Beidh duais bhliainiúil ar fáil ag an Chomhairle Náisiúnta deireanach chun iarrachtaí duine amháin as balleagraíocht amháin (atá mar chuid den Chomhairle Náisiúnta) a aithint maidir le cur chun cinn pearsanta in úsáid nó cur chun cinn na Gaeilge. Socróidh an LU don Ghaeilge ar an fhaighteoir.

## **Use of Irish Language in USI**

- *The correct Irish Language version of Officers' titles will be provided, and shall appear in the same size with the English language versions that are to be seen online, on posters, letters, and emails.*
- *Members of the Executive Team should try and use Irish when greeting and signing off in emails, or when opening and closing speeches. The LU don Ghaeilge will help them to achieve this.*
- *An annual prize will be awarded at Congress to recognise the use of Irish and attempts to promote the Irish Language within member organisations. This will be presented to the delegate or delegation that uses Irish regularly during the Congress. The Leas-Uachtarán don Ghaeilge will decide on the delegate or delegation.*
- *An annual prize will be presented at the last National Council of the year to recognise the efforts of one person in a member organisation (who is a member of National Council) as regards the use or promotion of the Irish Language. The Leas-Uachtarán don Ghaeilge will decide the recipient.*

## **Tacaíocht do Bhalleagraíochtaí / Support for Member Organisations**

- Cuideoidh an LU don Ghaeilge le balleagraíochtaí a scéimeanna teanga féin a chruthú nó uasdátú a dhéanamh ar an scéim reatha atá acu. Cuidieodh an LU don Ghaeilge le an scéim a chur i bhfeidhm.
- San áit nach bhfuil Cumann Gaelach nó Oifigeach na Gaeilge ag balleagraíocht, cuirfidh an LU don Ghaeilge acmhainní ar fáil don bhalleagraíocht le feachtais nó imeachtaí trí Ghaeilge a reáchtáil ar champas.
- San áit go bhfuil obair aistriúcháin ar bun ag balleagraíocht, beidh an LU don Ghaeilge ar fáil le cuidiú a thabhairt an obair seo a dhéanamh. Mura féidir leis an LU don Ghaeilge an obair seo a dhéanamh tabharfar acmhainní don bhalleagraíocht le cuidiú leo tabhairt faoin obair mar shampla, sonraí comhlachtaí aistriúcháin agus eolas maidir le praghasanna srl.
- Más cuí agus más féidir, cuideoidh an LU don Ghaeilge le balleagraíochtaí Cumann Gaelach a chruthú nó Oifigeach na Gaeilge a thoghadh dóibh.

### ***Support for Member Organisations***

- *The LU don Ghaeilge will support MOs in creating their own language schemes, or updating any existing schemes they may have. The LU don Ghaeilge will assist them in implementing the scheme.*
- *Where there is no Irish Society or Irish Language Officer in an MO, the LU don Ghaeilge will provide resources to the MO in order to run Irish Language events or campaigns on campus.*
- *Where an MO is carrying out translation work the LU don Ghaeilge will support them in this work. Where the LU don Ghaeilge cannot carry out this work, the MO will be provided with resources such as contact details for translations companies, and information on costs.*
- *Where appropriate and where possible, the LU don Ghaeilge will help to elect Irish Language Officers and/or set up an Irish Language society for them.*